Clár

Réamhrá	**1**
Scileanna Traschuraclaim	**2**
Áiseanna Úsáideacha	**5**
Clúdach an Leabhair	**6**
Caibidil ar Chaibidil	**7**
Caibidil 1	8
Caibidil 2	10
Caibidil 3	12
Caibidil 4	14
Caibidil 5	16
Caibidil 6	18
Caibidil 7	20
Caibidil 8	22
Caibidil 9	24
Caibidil 10	26
Caibidil 11	28
Caibidil 12	30
Caibidil 13	32
Caibidil 14	34
Caibidil 15	36
Caibidil 16	38
Caibidil 17	40
Caibidil 18	42
Caibidil 19	44
Caibidil 20	46
Caibidil 21	48
Admhálacha íomhánna	**50**

Réamhrá

Baineann *Capall Cogaidh* leis an dlúthcheangal idir capall darb ainm Joey agus na daoine a mbuaileann sé leo. Tugtar léargas dúinn ar na deacrachtaí a bhí ag na daoine, go háirithe ag na saighdiúirí, sa Chéad Chogadh Domhanda. Feiceann muid an cogadh trí shúile an chapaill Joey.

Tá téamaí éagsúla sa leabhar seo: cogadh, bás, foréigean, cairdeas, grá, dílseacht agus creideamh. Is fearr taighde a dhéanamh roimh ré ar an stair a bhaineann leis an tréimhse seo agus ar na cúiseanna a bhí taobh thiar den Chéad Chogadh Domhanda.

Scileanna Traschuraclaim

Tá gníomhaíochtaí éagsúla le déanamh bunaithe ar na Scileanna Traschuraclaim: Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC. Tugtar deis foghlaim nasctha a chur chun cinn idir ranna éagsúla sa scoil le gníomhaíochtaí bunaithe ar réimse ábhar, mar shampla Stair, Ealaín agus Dearadh, Eolaíocht agus Drámaíocht.

Úsáidtear siombailí leis an ghné ar leith den scil traschuraclaim a chur in iúl.

Cumarsáid

Éisteacht, Tuiscint agus Labhairt:

- Rólghlacadh
- Cur i Láthair / Óráid
- Plé Grúpa

Léitheoireacht:

- Freagairt do théacsanna liteartha, meáin éagsúla san áireamh
- Freagairt do théacsanna neamhliteartha, meáin éagsúla san áireamh
- Taighde

Scríbhneoireacht:

- Pearsanta / Reacaireacht
- Feidhmiúil / Idirbheartaíocht
- Dioscúrsach / Áititheach

Úsáid na Matamaitice

Úsáid TFC

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Tugtar deiseanna agus comhthéacsanna do na daltaí le go mbeidh siad ábalta a gcuid Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a fhorbairt.

- Eolas a Bhainistiú
- Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht
- Bheith Cruthaitheach
- Ag Obair le Daoine Eile
- Féinbhainistiú



Na Réimsí Foghlama (Foghlaim Nasctha)

Na hEalaíona: Ealaín agus Dearadh, Ceol agus Drámaíocht

Timpeallacht agus Sochaí: Stair agus Tíreolaíocht

Eolaíocht agus Teicneolaíocht

Foghlaim don tSaol agus don Obair

Eochair-Eilimintí: Mórphictiúr an Churaclaim ag Eochairchéim 3



Tuiscint Phearsanta
Comhthuiscint
Sláinte Phearsanta
Meon Morálta
Feasacht Spioradálta

Saoránacht
Tuiscint Chultúrtha
Feasacht ar na Meáin Chumarsáide
Feasacht Eiticiúil

Infhostaitheacht
Feasacht Eacnamaíoch
Oideachas d'Fhorbairt Inbhuanaithe

Measúnú: Na Leibhéil de Dhul Chun Cinn

Leibhéil de Dhul Chun Cinn (Cumarsáid)

Áiseanna Úsáideacha

Cumarsáid: Na Seicliostaí Cumarsáide
mar shampla an cárta ar 'Dóigheanna le ciall a bhaint as ábhar léitheoireachta'.



Stair
An Chéad Chogadh Domhanda:
Stair d'Eochairchéim 3 TÉ: Staidéar i ndiaidh 1900, CCEA 2012



Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc d'Eochairchéim 3
Gníomhaíochtaí agus modhanna teagaisc do mhúinteoirí a spreagfaidh an fhoghlaim ghníomhach.



Clúdach an Leabhair

Amharc ar chlúdach an leabhair agus scríobh síos an chéad rud a ritheann leat faoi na pointí seo a leanas:

- An teideal
- An pictiúr
- An t-aoisghrúpa lena mbaineann sé
- An meallann sé an léitheoir? Cén dóigh?



Obair ealaíne agus dearadh an chlúdaigh ó *Capall Cogaidh* le Michael Morpurgo. Cóipcheart don léaráid chlúdaigh © 2006 ón phóstaer do chóiriú drámaíochta *Capall Cogaidh* de chuid na hAmharclainne Náisiúnta, a cuireadh ar an ardán den chéad uair i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Cúl an Leabhair

“Chonaic mé na saighdiúirí liatha a bhí chun tosaigh orainn ag ardú a gcuid raidhfilí agus chuala mé pléascadh an mheaisínghunna ag fógairt an bháis...’

Is scéal cumhachtach é seo faoin dlúthchairdeas is dílse le linn an chogaidh is measa, le Michael Morpurgo, údar a bhfuil a lán duaiseanna buaite aige agus Iar-Chraobh-Údar na bPáistí.

Is mórscannán é anois, stiúrtha ag Steven Spielberg, a bhfuil roinnt Oscar buaite aige.”



Léigh an blurba ar chúl an leabhair. Pléigí i mbeirteanna an méid atá ann.

Caibidil ar Chaibidil

Tá gníomhaíochtaí sa leabhrán do gach caibidil sa leabhar. Níl sé i gceist go gclúdófar gach rud atá sa leabhrán seo. Is féidir na gníomhaíochtaí is fóirsteanaí a roghnú.

Úsáidtear an múnla céanna i ngach caibidil.

Tugtar liosta de na focail dheacra ag tús gach caibidle. Is féidir gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh leis na focail sin. Tá cúpla sampla thíos:

- ó chomhthéacs na habairte, oibrigh amach an chiall atá leis na focail seo agus scríobh ar bhealach eile iad.
- cuardaigh san fhoclóir iad:
  - Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta (**www.tearma.ie**)
  - foclóir.ie (**www.focloir.ie**) nó
  - Leabharlann Teanga agus Foclóireachta (**www.teanglann.ie/ga**).
- cuir in abairt eile iad.

Tugtar liosta de chuid de na frásaí a úsáidtear sa chaibidil. Déantar seo le haird a dhíriú ar shaibhreas na teanga.

Tá ceisteanna ann bunaithe ar fhianaise ón chaibidil, ceisteanna tátalacha nuair is gá léamh idir na línte agus ceisteanna smaointeoireachta a chuideoidh le Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta a fhorbairt. Tugtar deiseanna do na daltaí faisnéis, smaointe, barúlacha agus mothúcháin a chur in iúl.

Tá gníomhaíochtaí éagsúla i ngach caibidil bunaithe ar réimse ábhar.